

NCAD **DUBLIN**

National College of Art and Design
A Recognised College of University College Dublin

TUARSCÁIL BHLIANTÚIL
2014/2015

An tAcht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971 Alt 16(1):

"Tabharfaidh an Bord tuarascáil don Aire in aghaidh na bliana ar imeachtaí an Bhoird faoin Acht seo i gcaitheamh na bliana acadúla roimhe sin de chuid an Choláiste agus cuirfidh an tAire faoi deara cóip den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas."

An Bord

Cathaoirleach an Bhoird Seán Ó Laoire (go dtí an 1 Márta, 2015)

Baill an Bhoird *Go dtí an 1 Márta, 2015:*

Adrienne Eacrett
Octavian Fitzherbert
Orla Flynn
Peter Johnson
Suzanne Macdougald
Lucy McCaffrey
Paul O'Brien
Helen Steele
Oliver Whelan

An Bord- Reatha (amhail Meán Fómhair 2017, ceaptha an 15 Meitheamh 2015)

Cathaoirleach an Bhoird Niamh Brennan

Baill an Bhoird

Karen Furlong
Ian Power
Blaise Smith
Mark Rogers (d'éirigh as an 30 Márta 2017)
Mary Dorgan
Oliver Whelan
Rachel Tuffy
Rian Coulter (d'éirigh as an 29 Eanáir 2016)
Gráinne Murphy (Ceapadh an 5 Feabhra 2016)
Adrienne Eacrett (d'éirigh as an 28 Deireadh Fómhair 2016)
Ross Golden-Bannon (ceapadh an 9 Nollaig 2016)

Oifigeach an Bhoird Declan Mc Gonagle (d'éirigh as an 31 Nollaig 2015)

Stiúrthóir

Bernard Hanratty (1 Márta 2016 go dtí 4 Lúnasa 2017)
Stiúrthóir Gníomhach

Alex Milton (28 Meán Fómhair 2017)
Stiúrthóir Ionaid

Damian Downes
Cláraitheoir/Rúnaí

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014/2015

Clár

Leathanach

An Bord	2
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Acadúil	5
Riaracháin	10
Gnóthachtálacha Mac Léinn/ Iarchéimithe Roghnaithe	12
Staidrimh Mac Léinn	14
Faisnéis Airgeadais - cuntais iniúchta don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015	15

Ráiteas an Chathaoirligh

Tionóladh an cruinniú deireanach den Bhord reatha an 25ú Feabhra, 2015. Ag an gcruinniú ghlac Cathaoirleach an Bhoird, an tUasal Sean Ó Laoire buíochas le baill an Bhoird as a dtiomantas agus as a gcuid oibre le trí bliana anuas.

D'fhógair an tAire sa Roinn Oideachais agus Scileanna Bord nua an 15ú Meitheamh, 2015. Tionóladh an chéad chruinniú an 28ú Iúil, 2015 agus ag an gcruinniú sin d'ainmnigh baill an Bhoird an tOllamh Niamh Brennan don cheapachán mar Chathaoirleach don Aire. Dhearbhaigh an tAire Oideachais agus Scileanna ceapachán an Ollaimh Brennan mar Chathaoirleach an Bhoird go foirmiúil an 10ú Meán Fómhair, 2015.

Tar éis dul i mbun oifige i mí Meithimh 2015, fuair an Bord amach go raibh easnaimh shuntasacha ag baint le córas um rialú inmheánach airgeadais NCAD agus go nglacfadh sé roinnt ama sin a chur ina cheart. Bhain na heasnaimh seo leis an tréimhse chuntasaíochta atá sna ráitis airgeadais seo. Mar go mbaineann an tréimhse chuntasaíochta sna ráitis airgeadais le tréimhse roimh cheapadh an Bhoird ní féidir leis an mBord freagracht a ghlacadh as neamhleordhóthanacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais a bhí i bhfeidhm sa tréimhse sin.

Tá an Bord agus an bhainistíocht shinsearach dírithe ar dul i ngleic leis na laigí rialaithe seo. Tháinig an Bord agus an Coiste Iniúchta & Riosca le chéile 29 n-uair agus 18 n-uair faoi seach ó bunaíodh iad i mí Meithimh 2015. Tá plean gníomhaíochta rialachais curtha i bhfeidhm. Bunaithe ar an gcéad mheasúnú a rinne an Bord ar na heasnaimh a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach laistigh den Choláiste socraíodh saineolas teicniúil seachtrach ar rialachas, airgeadas agus AD a lorg. An cuspóir ná iarraidh ar na hacmhainní seo creat rialachais, airgeadais, rialaithe inmheánaigh agus AD a leagan amach agus a chur i bhfeidhm chomh maith le beartais agus nósanna imeachta a thacódh leis an gcreat sin.

Cé go bhfuil an próiseas seo ar bun, próiseas atá beagnach tugtha chun críche, ghlac cuid 1 (forbairt an chreata agus na mbeartas) i bhfad níos faide ná mar a bhí súil leis de bharr easpa acmhainne agus inniúlachtaí an Choláiste chun cuidiú leis an bpróiseas agus é a bhrú chun cinn. Thug sin chun cinn fadhb eile a bhain le Cuid 2 - na beartais nua seo agus modh oibre a chur i bhfeidhm agus a leabú. Bunaithe ar an acmhainn agus na hinniúlachtaí atá ar fáil is dúshlán a bheidh ann creat rialachais a chur i bhfeidhm agus is de réir a chéile a fhéadfar sin a dhéanamh. Beidh an Bord diongbháilte áfach ag tacú leis sin a dhéanamh.

An tOllamh Niamh Brennan
Cathaoirleach an Bhoird
An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha

Tuarascáil Acadúil

Dearbhú Cáilíochta

Athbhreithniú Creat QA:

Tugadh faoi athbhreithniú ar nósanna imeachta QA mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh ar Chreat agus Treoirlínte QA. Is ionann an Creat QA agus ceithre bheart athbhreithnithe éagsúla:

1. Éilíonn an HEA athbhreithnithe atréimhseacha scoilbhunaithe QA ar gach Scoil laistigh den NCAD. Déantar athbhreithniú ar na cláir uilig mar chuid den athbhreithniú scoile nó sula ndéantar é.
2. Is cuid riachtanach dár dteagasc agus dár dtáscairí foghlama na hathbhreithnithe Clár-bhunaithe bliantúla inmheánacha agus tá siad leabaithe laistigh den timthriall acadúil bhliantúil.
3. Is féidir go dtabharfaí faoi athbhreithnithe piara clár-bhunaithe seachtracha tríd na gníomhaireachtaí seo a leanas:
 - ar iarratas ó cheannaire Scoile nó Cláir
 - údaraithe ag Gnóthaí Acadúla
 - de dhíth mar gheall ar athbhreithnithe ar na cláir reatha nó próiséas nua bailíochtaithe cláir
4. Chomh maith leis na hAthbhreithnithe Acadúla, ba chóir athbhreithniú rialta (gach 5 bliana) a dhéanamh ar na réimsí tacaíochta. Ina measc sin tá na réimsí ar fad a thacaíonn le taithí an mhic léinn agus le foghlaim an mhic léinn.
 - Oifig an Chláraitheora
 - Gnóthaí Acadúla
 - An Leabharlann

Athbhreithnithe QA:

I ndiaidh athbhreithniú sa bhliain acadúil seo, foilsíodh an MSc i bPlean Feabhsaithe Cáilíochta i nDearadh Feiste Leighis i mí Mheán Fhómhair 2015.

Cuireadh tús le hathbhreithniú QA na Leabharlainne i mí Dheireadh Fómhair 2015.

Suirbhéanna Aiseolais Mac Léinn.

Bunaíodh An Suirbhé Éireannach i Rannpháirtíocht na Mac Léinn (ISSE) sa bhliain 2013 agus seoladh an chéad suirbhé náisiúnta "iomlán" sa bhliain 2014. glacann 30 institiúid ardoideachais (NCAD san áireamh) páirt sa suirbhé. Bhí ráta freagartha 32% ag NCAD in 2014 i gcomparáid leis an meánráta freagartha náisiúnta foriomlán 15.6%. Sa bhliain 2015, d'ardaigh an ráta freagartha ó mhic léinn NCAD go dtí 39.5%. Ba 21.9% é an meánráta náisiúnta.

Chuir an t-aiseolas ISSE ó mhic léinn leis na suirbhéanna inmheánacha bliantúla seanbhunaithe:

- Suirbhé Imeachta Mac Léinn
- Suirbhé Deireadh Bliana Mac Léinn
- Suirbhé an Mhic Léinn Taighde

Tacaíocht Teagaisc agus Foghlama:

Rinneadh an t-eolas uilig faoi chlár fhochéimithe agus chlár iarchéimithe múinte a chur in eagar trí Fhoirmeacha caighdeánacha Sonraíochta Cláir agus trí thuairisceoirí modúl. Déantar eolas cuimsitheach ar chlár a fhoilsiú ar láithreán gréasáin NCAD.

Eisíodh Gnáthfhoirm Freagartha Scrúdaitheora Seachtraigh den chéad uair in 2015. Déantar Freagraí agus pleananna le moltaí a chur i gcrích a chur ar ais chuig na Scrúdaitheoirí Seachtracha trí Ghnóthaí Acadúla.

Comhaontas UCD

Ba é Ciste Nuálaíochta agus Forbartha Straitéisí an HEA a chuir an maoiniú ar fáil chun fiosrú a dhéanamh maidir le an bhféadfaí Comhoibriú, Creidiúnú/Bailíochtú breise agus Cónascadh le UCD faoin ainm tionscadail "NCAD+UCD- An Comhaontas Acadúil. Cuireadh beirt, ar iasacht ó UCD, an tOllamh Hugh Campbell agus Michael Sinnott ar fáil don tionscadal. Tugadh faoi deara go luath sa tionscadal gur thug an HEA le fios nach raibh maoiniú ar fáil do chónascadh san earnáil.

Tugadh forléargas agus eolas chun dáta maidir le Tionscadal UCD+NCAD don Bhord ag a gcruinniú i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Bhí cuid mhaith comhghníomhaíochta le UCD ar siúl le linn na bliana agus bhí seo tairbheach don dá institiúid. Gné thábhachtach san ath-idirbheartaíocht maidir le MOU/MOA nua le UCD ná misean agus céannacht an NCAD a choimeád - ar thug an dá pháirtí aitheantas dá chuspóir. Treisíodh clár larchéime mar thoradh ar ionchur ó Scoil Gnó Smurfit agus Scoil na hEolaíochta san MA i nDearadh Idirfheidhme agus ar ionchur ó Scoil Bheartas Cultúir agus Stair na hEalaíne ag cruthú nasc le Scoil Cultúir Fhísiúil NCAD.

Rinne Uachtarán UCD taispeántas de shaothar mac léinn an MA sa Mhínealaín a oscailt ar an 26 Eanáir, 2015 in Ionad Mac Léinn UCD agus labhair sé go cneasta faoin gcaidreamh a bhí ag forbairt agus faoin fhéidearthacht a bhí leis.

Lárionad na nEalaíon Cruthaitheach & na gCultúr Critice NCAD/Comhaontas UCD

Is comhfhiontar nua idir UCD agus NCAD é Lárionad na nEalaíon Cruthaitheach & na gCultúr Critice idir UCD agus NCAD chun gníomhaíocht acadúil tras-institiúideach i réimse na n-ealaíon cruthaitheach agus na gcultúr critice a chur chun tosaigh, a thionscan agus a chomhordú.

Tá sé mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt do phobal tras-institiúideach, cruthaitheach, acadúil a bhfuil dáimh aige leis na healaíona, leis an gcultúr agus le staidéir chritice - ag cur le tionchar agus acmhainn na hoibre seo sa dá institiúid agus níos faide anonn chuig sochaí níos leithne. Bainfear na haidhmeanna seo amach nuair a dhéantar forbairt ar thionscnaimh nua múinteoireachta agus taighde, ag cur le agus ag tacú le gníomhaíochtaí a mball cleamhnaithe agus ag éascú comhoibrithe idir an dá institiúid.

Seolann NCAD+UCD Scoil Samhraidh Nuálach 'City Life'

Bhí an Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta 'City Life' - comhthionscnamh idir NCAD agus UCD- ar siúl ar champas NCAD agus ar fud lár chathair Bhaile Átha Cliath i mí Iúil 2015 agus rinneadh stair uirbeach, dearadh idirfheidhme, na healaíona spásúla agus an ailtireacht a iniúchadh.

Lá Nuálaíochta

Bhí an dara Lá Bliantúil Nuálaíochta sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha ar siúl an 17 Meitheamh, 2015 agus thug sé le chéile ceannairí gnó ón tsochaí agus ón saol acadúil chun plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr le gnó agus nuálaíocht shóisialta a chur chun cinn trí smaointeoireacht agus dearadh cruthaitheach. Bhí an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, An tUasal Richard Bruton, T.D., i láthair. Ba é a thug an t-aitheasc dúnta agus leag sé béim ar thábhacht an tionscail chruthaitheachta agus an leas atá ann do gheilleagar na hÉireann.

De bharr na tacaíochta atá sé a fháil ó *Knowledge Transfer Ireland* (KTI) agus ó NovaUCD, tá NCAD ag teacht chun cinn mar Eagraíocht Fheidhmithe Taighde (RPO) le haitheantas idirnáisiúnta in earnáil an aistrithe teicneolaíochta agus na tráchtálaíochta.

Labhair roinnt ceannairí tionscal ardiomrá le linn an lae, ina measc: Wayne Hemingway, comhbhunaitheoir an chomhlachta deartha ón Bhreatain Red or Dead; Sean Mc Nulty, Stiúrthóir Bainistíochta na sainchomhairleoireachta nuálaigh agus deartha chruthaitheach, Dolmen agus an Dr Sarah Miller, Príomhfheidhmeannach Rediscovery Centre, fiontar sóisialta atá dírithe ar oiliúint agus fostaíocht phobail a chur ar fáil trí fhiontair nuálacha athúsáide atá dírithe ar dhearadh táirgí nua.

Léirigh sraith príomhóráidí agus díospóireacht phainéil ina dhiaidh sin, arna stiúradh ag Ali Grehan, Ailtire na Cathrach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an bealach a bhfuil leas á bhaint as smaointeoireacht chruthaitheach chun nuálaíocht a bhaint amach i gcomhthéacsanna brabúis agus neamhbhrabúis agus an bealach ar féidir múnlaí cleachtas cruthaitheach a úsáid chun gnó a athrú chun feabhais agus chun díriú ar fhadhbanna dáiríre an domhain.

Tuarascáil Acadúil

Comhpháirtíocht Institiúid Tyndall

Mar chuid den tionscadal City Sense feistíodh 30 gluaisrothar teachtaire i lár chathair Bhaile Átha Cliath le teicneolaíocht Idirlíon na nEarraí (IoT) chun caighdeán aeir, aer-teocht agus truailliú aeir na cathrach a thomhas. Chuir Cyclone Couriers 20 rothar ar fáil mar chuid den tionscadal agus cuireadh 10 gcinn bhreise ar fáil do chomaitéirí d'Fheachtas Rothaíochta Bhaile Átha Cliath. Nuair a bheidh na sonraí scagtha beidh taighdeoirí in ann mapáil a dhéanamh ar fhaisnéis atá tábhachtach d'fheidhmiú na cathrach agus dá cuid áitritheoirí lena n-áirítear truailliú na timpeallachta, plódú tráchta, pleanáil cathrach agus forbairt beartas. Bhí baint ag mórán eagraíochtaí agus comhlachtaí Éireannacha leis an tionscadal, lena n-áirítear Institiúid Náisiúnta Tyndall (crua-earraí), TSSG Port Láirge (bogearraí), agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (dearadh).

Ag a gcruinniú an 25ú Feabhra, 2015, d'fhreastail Cathaoirleach, Stiúrthóir agus baill an Bhoird ar shíniú an Mheabhráin Tuisceana idir NCAD agus Institiúid Náisiúnta Tyndall, meabhrán a shínigh Stiúrthóir NCAD agus Príomhfheidhmeannach na hInstitiúide Náisiúnta Tyndall.

Fóram Gnó na Saoirsí Teoranta

D'aontaigh an Bord, ag a gcruinniú an 30ú Eanáir, 2015, go gceadófaí, i bprionsabal, go gceapfaí Stiúrthóir NCAD ina stiúrthóir ar Fhóram Gnó na Saoirsí Teoranta.

Rochtain & For-rochtain

Tionscadal Scáthfhoghlama Daltaí

Ghlac aonar déag is fiche dalta meánscoile ó thrí mheánscoil déag páirt sa Tionscadal Scáthfhoghlama Daltaí, a bhí ar bun an 18 agus 19 Samhain, 2015. Is é an aidhm atá leis an tionscadal seo deiseanna piarmheantóireachta a chur ar fáil do dhaltá sa chúigiú bliain ar mian leo staidéar a dhéanamh ar a roghanna maidir le hardoideachas in ealaín agus dearadh. Chaith na daltaí dhá lá ag breathnú ar mhic léinn ealaíne agus deartha sa stiúideo agus ag léachtaí.

Lá Rochtana

Bhí an Lá Rochtana ar siúl i mí Feabhra agus bhí deis ag 200 dalta ó shé mheánscoil déag freastal ar dhá cheardlann ealaíne agus deartha le linn an lae. Mic léinn ó NCAD a leagan amach agus a eagraíonn na ceardlanna deartha.

Tionscadal Meantóireachta Ealaíontóra

Ghlac dhá mheánscoil déag páirt sa tionscadal gníomhaíochta iarscoile inar leag mic léinn ealaíne/deartha an 2ú Bliain tionscadal téamúil amach, ag cur béime ar ghnéithe de leabhair nótaí léirithe agus cleachtas ealaíne comhaimseartha. Rinneadh obair ealaíne na ndaltaí a thaispeáint in NCAD sa Scoil Oideachais le linn mhí Aibreáin ag ócáid ina raibh tuismitheoirí agus múinteoirí i láthair.

Turais ó Chéimithe

Thug cothrom le 700 dalta bunscoile ó scoileanna áitiúla cuairt ar NCAD agus ghlac siad páirt i dturas idirghabhála na dTaispeántas Céimithe.

Scéim Rochtana

Cuireadh deich n-áit bhreise ar fáil de bharr na Scéime Rochtana. Chláraigh 36 mac léinn ón gcéad bhliain leis an Oifig Rochtana agus fuair 33 mac léinn Deontas Rochtana ar chlárú dóibh.

Sparántacht Taistil Mary Cawley

Is ag NCAD amháin atá Sparántacht Taistil Mary Cawley agus is féidir le mic léinn atá cláraithe leis an Oifig Rochtana cur isteach uirthi. Rinneadh ocht n-iarratas agus ghnóthaigh 7 mac léinn sparántacht taistil chun

cabhrú lena dturais taighde agus staidéir ar Seattle, An Ísiltír, Learpholl, Beirlín, An Veinéis, Páras agus Barcelona.

Future Creators

D'éirigh le déagóir is fiche a d'fhreastail ar scoileanna i mBaile Átha Cliath 8 i gclár an *Future Creators*. Fuair na rannpháirtithe Teastas Gaisce ó NCAD, agus thaispeáin siad a scannáin agus a mbuanna i ndearadh códaithe agus i ndearadh aipeanna.

Tuarascáil Acadúil

Conair Dhigiteacha

Tá NCAD i gcomhpháirtíocht le *H2 Learning*, Baile Átha Cliath, le Fondúireacht Kryzowa, An Pholainn agus le MFG, An Ghearmáin sa tionscadal Conair Scileanna Digiteacha don Óige ar fud na hEorpa, atá maoinithe ag Coimisiún na hEorpa faoi Erasmus +.

Bhunaigh an tionscadal Saotharlann Cruthaitheach i dTamhlacht, i gcomhpháirtíocht le hEalaíona Pobail Thamhlachta. Tá an chéad chéim comhlánaithe ag beirt déagóirí is fiche ó Choláiste Pobail Mhóin Seiscinn, Scoil Phobail Chill an Ardáin, Coláiste Chill na nIníon agus Coláiste Bhríde, ar a raibh sraith ceardlann tástála i Scannánaíocht, Beochan agus Iarléiriú.

Grúpa Céimithe Future Creators

D'oibrigh 24 déagóir a bhain céim amach i dtionscadail *Future Creators* cheana le chéile ar feadh tréimhse ceithre seachtaine i ndearadh i-Doc (Clár Faisnéise Idirghníomhach) inar tugadh eolas faoin tionscadal *Future Creators*. Arna mhaoiniú ag *The Ireland Funds*

Campas Cruthaitheach

Ghlac mic léinn ón dara bliain i Scoil na Mínealaíne páirt i dtogthach an Champais Cruthaitheach i gcomhar le hIonad Ealaíon Pobail Thamhlachta.

Cén fáth gur áit ar leith é an Port Thuaidh - comhoibriú le Banc Ceannais na hÉireann

Choimisiúnaigh Banc Ceannais na hÉireann mic léinn Rochtana agus iarchéimithe Péintéireachta Mínealaíne NCAD le hoibriú le scoileanna áitiúla i ndearadh agus i ndéanamh múrphictiúir d'fhógrán a tógadh thart ar an suíomh nua ag Cé an Phoirt Thuaidh. Bhí an tionscadal ar an ngearrliosta do Ghradaim *Business to Arts* de chuid Allianz sa rannóg An Leas is fearr as an gCruthaitheacht sa Phobal.

Gníomhaíocht Dhánlann NCAD

Rinne Dánlann NCAD 12 taispeántas éagsúil a óstáil le linn na tréimhse - ar a n-áirítear go n-oslófaí í ar an Oíche Cultúir, imeacht atá dírithe ar Sheachtain Deartha na hÉireann chomh maith le comhoibriú le céimithe. Tá na sonraí iomlána ar <http://www.ncad.ie/about/gallery/>.

Irish Distillers

Chuir *Irish Distillers* an maoiniú ar fáil don chéad chéim de chlár eispéiris cuartaíochta ar champas NCAD. Is é an aidhm atá leis ná scéalta Dhrioglann Power, Stáisiún Dóiteáin Shráid Thomáis a insint maille le céannacht chomhaimseartha an champais mar ionad náisiúnta barr feabhais san ealaín agus san oideachas deartha. Táthar ag súil go mbeidh turas féin-treorach á chur ar fáil ar roinnt codanna seachtracha den láthair, ar a mbeidh deich gcinn de phointí eolais ar scéal stairiúil agus comhaimseartha an champais, agus ar na daoine a bhíodh agus atá ag baint leasa as an gcampas.

Duais Ceannaigh NUI ag NCAD

Bronntar Duais Ceannaigh NUI gach bliain as píosa oibre a rinne iarchéimí de chuid NCAD a bhfuil gradam bainte amach aige nó aici. Tá mic léinn atá i mbliain na céime i dteideal a bheith san iomaíocht don Duais. Ba é Shane Berkery, céimí Péintéireachta sa 4ú bliain a bhuaigh Duais Ceannaigh NUI in 2015.

Duais Foirne NCAD 2015

Bunaíodh Duais Foirne NCAD do mhic léinn i 1994 agus maoinítear é le hairgead a chuireann cuid d'fhoireann NCAD ar fáil go deonach. Ainmníonn na Scoileanna/ Rannóga mic léinn don Duais i mbliain na céime agus astu seo lorgaíonn Coiste Roghnóireachta mac léinn amháin a bhfuil na cáilíochtaí bainte amach aige.

Bronnadh Duais na Foirne 2015, arbh fhiú €1,500 é, ar Sarah O' Neill, mac léinn 4ú bliana in Ealaín agus Déantúsán Teicstíle ag fáiltiú an 1 Nollaig, 2015. Bronnadh an dara duais €500 ar Elaine Hoey, mac léinn 4ú bliana sna Meáin. Bronnadh €100 ar an naonúr mac léinn eile a bhí ainmnithe.

Tuarascáil Acadúil

Leabharlann Edward Murphy agus Leabharlann Náisiúnta na nAmharc-Ealaíon (NIVAL)

NIVAL: Maoiniú/Forbairt straitéiseach

D'fhág Edward Murphy, nach maireann, iar-Leabharlannaí NCAD agus bunaitheoir Leabharlann Náisiúnta na nAmharc-Ealaíon, suim mhaith airgid le huacht ag NIVAL, a bhí dírithe ar fheidhmeanna faoi leith agus ar spriocanna forbartha. Beidh baint dhíreach ag riaradh an mhaoinithe seo leis na pleananna straitéiseacha do NIVAL, forbairt acmhainní i réimsí ríthábhachtacha mar tiomsú airgid, cumarsáid, cartlanna agus bainistiú na mbailiúcháin digiteach.

NIVAL: Catalógú/Digitiú

Seoladh Tionscadal Taispeántóra *Kilkenny Design Workshops Archive* mar chuid de Thaisclann Dhigiteach na hÉireann ag an gcomhdháil idirnáisiúnta i bPáirc an Chrócaigh. Déanfar digitiú, de réir an tionscadail, ar bhreis is 2,000 íomhá de thaispeántais, d'ócáidí poiblí, agus dearaí táirge ó chartlann an KDW. Mar gheall ar an tionscadal uaillmhianach seo, bhí ar chumas NIVAL a chumas chun cartlannú digiteach a dhéanamh ar acmhainní físe a neartú agus teacht i dtír ar mhodhanna rochtana ar na hacmhainní seo ar mhaithe leis an lucht féachana poiblí is leithne.

Bronnadh Duais Caomhnaithe Dhigitigh Dheich mBliana na gCuimhneachán DRI ar *An Túr Gloine / Bailiúchán Michael Healy* de chuid NIVAL. Tugadh aitheantas sa duais seo don ionchur suntasach a bhí ag an mbailiúchán san idirphlé náisiúnta ar dheich mbliana na gcuimhneachán. Mar bhuaiteoir cuireadh seirbhísí cartlannaí gairmiúil digiteach ar fáil do NIVAL chun an bailiúchán a réiteach do chaomhnú digiteach fadtéarmach i dTaisclann Dhigiteach na hÉireann.

Éarlaisí/Tiomnachtaí/Bronntanais

Tá roinnt bailiúchán suntasach curtha i dtaisce i NIVAL ar a n-áirítear: Cartlann Patrick Scott, tiomnaithe ag an ealaíontóir; bailiúchán breá d'ábhar nuachtán agus foilseachán a thugann cuntas ar ghníomhaíochtaí Dhánlann Rubicon; An Túr Gloine/bailiúchán Michael Healy, bronnta ag an Dr. David Caron; priontaí, samplaí, grianghraif agus cáipéisí ó Distillers Press, bronnta ag bunaitheoir an phreasa, Seán Sills; Tionscadal Taipéise Fhrithdhúnadh 1913, taiscthe ag Scoil an Oideachais, NCAD; doiciméadú agus cáipéisí an ealaíontóra Brian Connolly; leabhair sceitseála an ealaíontóra Brian K. Reilly, bronnta ag a mhac Marc; *The Drawing Box*, tionscadal cnuasaitheach ealaíontóra; catalóga agus cáipéisí ó leabharlann Gordon Lambert, nach maireann; nótaí taighde de chuid an ealaíontóra Daniel Maclise, curtha le chéile agus bronnta ag an Ollamh John Turpin; bailiúchán annamh samplaí de pháipéar balla ó thús na haoise nua chomh maith le hirísí ban.

Taispeántais/For-rochtain

Bhí an taispeántas Mobile Encounters: cuntas ar bhlianta tosaigh na taibhealaíne in Éirinn, ar siúl in IMMA agus a bhí coimeáda ag Jenny Fitzgibbon, NIVAL, i gcomhpháirtíocht leis an músaem. Ag tarraingt ar an dá bhailiúchán náisiúnta, rianaíodh sa taispeántas na daoine, na heagraíochtaí agus na himeachtaí a chuidigh le cultúr 'comhchaidrimh shoghluaiste' a mhúnlú don taibhealaín óna 70idí luaithe go dtí na 90aidí déanacha.

Unfolding the Archive, taispeántas de shaothar nua le grúpa ealaíontóirí idirnáisiúnta Floating World mar thoradh ar na cartlanna ag NIVAL agus an F.E. Bhí Stiúideo Mc William ar siúl i nDánlann NCAD agus F.E. Dánlann Mc William Chomh maith le rogh-ghnéithe ón gcartlann, bhí leabhair ealaíontóirí agus saothar nua teicstíle, líníocht, péintéireacht, dealbhóireacht agus suiteálacha físeán sa taispeántas. Chuaigh comhbhall

leabhair na n-ealaíontóirí chomh fada le *Bank Street Arts* i Sheffield le haghaidh seachthaispeántais dar teideal *Unfolding the Archive: Reprised and Reassessed*.

Foilseacháin

Catalóg taispeántas: Coulter, R & Romano, D 2015, *Unfolding the Archive*, Leabharlann Náisiúnta na nAmharc-Ealaíon, Baile Átha Cliath.

Alt foilsithe: Conroy, A, Caron, D & Romano, D 2015, 'Archiving Michael Healy's 1916 diary: a centenary debut', *Archives & Records Association Newsletter*, samhradh, lch. 2-5.

Tuarascáil Riaracháin

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Chuir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a Thuarascáil Speisialta Uimh.85 Freagracht agus Rialachas sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna an 10 Meán Fómhair, 2014.

Ag cruinniú an Bhoird, a tionóladh an 24 Deireadh Fómhair, 2014, thug an Stiúrthóir, an tOllamh Declan McGonagle le fios don Bhord go raibh an t-iniúchadh a bhí ar siúl ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le freagracht agus rialachas NCAD an 29 Lúnasa, 2014 tugtha chun críche agus gur ardaíodh roinnt ceisteanna maidir leis: (i) an mhoill a bhí ar ráitis airgeadais a thabhairt chun críche agus tuarascálacha bliantúla a chur ar fáil; (ii) comhlíontacht le treoirlínte náisiúnta soláthair; (iii) easpa athbhreithnithe ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Ag cruinniú an Bhoird a réachtáladh an 12 Nollaig 2014 thug an Coiste Iniúcháireachta le fios gur chuir an tAire Oideachais agus Scileanna an Tuarascáil Speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar aghaidh chuig an Dáil an 10 Nollaig 2014. Ina dhiaidh sin bhí ar an gColáiste teacht os comhair Choiste um Chuntais Phoiblí an 22 Eanáir 2015.

Ag cruinniú an Bhoird a tionóladh an 30 Eanáir, 2015, thug an Stiúrthóir cuntas iomlán ar éisteacht an Choiste um Chuntais Phoiblí ar ar fhreastail Cathaoirleach an Bhoird, an Stiúrthóir, an Cláraitheoir/ Rúnaí agus ball foirne ó Rannóg na gCuntas. Dhírigh an éisteacht ar Thuarascáil Speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar an mhoill a bhí ar an gColáiste a chuid cuntas a chomhadú. Rinneadh cáineadh géar ar an gColáiste a dúirt go raibh aiféala air faoi na heasnaimh.

Iniúchadh Ioncaim

Tugadh le fios don Bhord ag a chruinniú an 12 Nollaig, 2014, go raibh iniúchadh ioncaim le bheith ar bun ag na Coimisinéirí Ioncaim ar NCAD. Tugadh roinnt fadhbanna ar aird, ar a n-áirítear ganníocaíocht PRSI, cánachas na seachscrúdaitheoirí agus íocaíocht le mic léinn a bhí fostaithe ag an gColáiste.

An Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca

Fuair an Bord miontuairiscí chruinniú an Choiste Iniúcháireachta a tionóladh an 6ú Meitheamh 2014 ag a chruinniú an 12 Meán Fómhair, 2014.

Ag cruinniú an Bhoird a tionóladh an 12 Nollaig, 2014, thug an Coiste Iniúcháirí cuntas ar Thuarascáil Speisialta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Thug an Stiúrthóir le fios don chruinniú nach raibh aon cheist ann go raibh míleithreasú cistí i dTuarascáil Speisialta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ach go raibh ceisteanna nós imeachta agus comhlíontachta ann.

Scaipeadh miontuairiscí Chruinniú Choiste Iniúcháirí NCAD a tionóladh ar 3 Feabhra, 2015 ar an mBord ag a gcruinniú an 25 Feabhra, 2015. Aontaíodh ag an gcruinniú sin ainm an Choiste a athrú agus an Coiste Iniúcháirí agus Riosca a thabhairt mar ainm air feasta agus go ndéanfaí na téarmaí tagartha a choigeartú dá réir ag cur freagrachtaí maidir leis an gclár rioscaí san áireamh.

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúcháirí agus Riosca le fios don Bhord go raibh roinnt fadhbanna le nósanna imeachta maidir le gnóthaí airgeadais an Choláiste. Ceapadh Oifigeach Airgeadais nua mar gheall ar acmhainní a bheith ar fáil. D'ainneoin sin bhí deacracht ag an gColáiste maidir leis an mhoill a bhí ar na cuntais a chomhadú agus le caighdeán na sonraí chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Soláthar

Cuireadh roinnt seirbhísí ar tairiscint le linn na bliana ar a n-áirítear glanadh; dramhaíl; slándáil; caidrimh phoiblí; seirbhísí tacaíochta foghlama; iniúcháirí inmheánacha agus árachas.

Tuarascáil Riaracháin

Tuarascáil Bainistíochta Riosca

Ag a gcrúinniú an 24 Deireadh Fómhair, 2014, cuireadh an Bord ar an eolas faoi Cheardlann Bainistíochta a cuireadh ar siúl don fhoireann shinsearach. Rinneadh rioscaí a shainaithint agus a scóráil agus bheadh Clár Bainistíochta Riosca bunaithe air seo agus freisin bheadh rialúcháin ann chun rioscaí a mhaolú.

Gnóthachtálacha Mac Léinn/Iarchéimithe roghnaithe

Dearthóir Seodra NCAD Newbridge Silverware na Bliana 2015

Ainmníodh Michelle Coakley ar Dhearthóir Seodra NCAD Newbridge Silverware na Bliana 2015. Tugann an comórtas bliantúil, atá ar bun le deich mbliana, deis do dhearthóirí óga seodra a ndearaí a fhorbairt le saíneolas Newbridge Silverware. Beidh ceann de dhearaí buacacha Michelle ar díol mar chuid de Bhailiúchán Ariel ó Newbridge Silverware i mí Eanáir 2016. Tá sparántacht mic léinn bainte amach ag Michelle freisin mar chuid dá duais.

Gradaim na bhFochéimithe 2014

Bhuaigh Katie Watchorn, mac léinn NCAD, Gradam an Fhochéimí 2014 i gCatagóir na nAmharc-Ealaíon. Diomaite de Chatagóir na nAmharc-Ealaíon a bhuaich, tugadh ardmholadh do sheisear mac léinn eile ón NCAD as a gcuid oibre i dhá cheann de na catagóirí.

Comhairle Stíle na Breataine - Dearthóir na Bliana ar Ghnó Nua

Bhuaigh Simone Rocha, céimí i nDearadh gradam Dearthóir na Bliana ar Ghnó Nua de chuid Chomhairle Stíle na Breataine.

Gradaim Thaighde Deartha agus Ealaíne Iontaobhas Cuimhneacháin Thomas Dammann Junior 2015.

Bronnadh gradaim Thaighde Deartha agus Ealaíne Iontaobhas Cuimhneacháin Thomas Dammann Junior 2015 ar: Rebecca Devaney, Marian Balfe, Cathy Burke, Eimear Kinsella, Sean Molloy, Caitriona Moloney agus Sven Sandberg.

Gradaim Ealaíne Mac Léinn RDS 2014

Ba í Jillian Mc Ateer a bhuaigh Gradam an RDS i nDéanamh Priontaí

Scoláireacht Táilliúireachta Louis Copeland and Sons

Fuair an t-iarchéimí Bláthnaid Mc Clean an ceann is fearr ar cheathrar iomaitheoirí eile a bhí ar ghearrliosta na scoláireachta agus beidh sí ag freastal ar an gcúrsa iarchéimí bliana in Acadamh Náisiúnta na Táilliúireachta. Seo an dara bliain den scoláireacht ar fiú €8,995 é.

Comórtas Deartha Idirnáisiúnta SDC 2014.

Bronnadh an duais don Chomórtas Deartha Idirnáisiúnta SDC 2014 ar Orla McCarthy, céimí sa Dearadh Teicstíil agus Dromchla ag ócáid a bhí ar siúl in Ollscoil Huizhou, An tSín.

Roghnaíodh Orla as na hiomaitheoirí eile ó Hong Cong, An India, An Ríocht Aontaithe, An Phacastáin, Singeapór, An Téalainn, An Bhanglaidéis, An tSín, An Phortaingéil agus An Afraic Theas. Ba iad Kathy Lewiston, léachtóir agus dearthóir faisin atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus Janet Cheung, leas-chathaoirleach Chumann Dearthóirí Faisin Hong Cong a bhí ina moltóirí ar an gcomórtas. Ghnóthaigh Orla duais £1,000 in airgead tirim chomh maith le corn Veronica Bell.

Leabhar Páistí na Bliana Specsavers - Sóisearach - 2014

Ba é Chris Haughton, céimí ó Visual Communication, a bhuaigh Leabhar Páistí na Bliana Specsavers - Sóisearach - 2014 dá leabhar 'Shh! We have a Plan'.

Gradam Gilchrist-Fisher 2014

Ba é Andrew Shannon, céimí i Roinn na Péintéireachta NCAD a bhuaigh Gradam Gilchrist-Fisher sa bhliain 2014. Is fiú £3,000 an gradam, ar duais dhébhliantúil é a bunaíodh i 1987.

Mórdhúshlán i nDearadh Uilíoch 2015

Ghnóthaigh Isabella Morehead agus Dylan McKimm, mic léinn NCAD, Deontas Féidearthachta Chás Tráchtála ó Fhiontraíocht Éireann ag Gradaim na Mórdhúshlán Deartha Uilíoch 2015 dá gcaipín canna breosla uilíoch 'Ripple' agus dá gcóras scagacháin do thíortha i mbéal forbartha.

Gnóthachtálacha Mac Léinn/Iarchéimithe roghnaithe

Sparántacht i nDearadh Faisin River Island 2015

Ba é Adam Henderson a bhuaigh Sparántacht i nDearadh Faisin River Island 2015. Bhuaigh Adam sparántacht €3,500 chomh maith le taithí trí mhí i stiúideo deartha River Island i Londain.

Staidrimh Mac Léinn

1. Líon na mac léinn fochéime Teastais agus Dioplóma (Páirtaimseartha)

		2009/10	2010/11	2011/12	2012/13	2013/14	2014/15
	Male	No Courses Held		54	43	33	28
	Female	No Courses Held		149	131	119	109
	Total	No Courses Held		203	174	152	137

2. Líon na Mac Léinn Fochéime Lánaimseartha (BA agus BDes)

		2009/10	2010/11	2011/12	2012/13	2013/14	2014/15
	Male	247	247	256	253	295	329
	Female	506	514	522	531	621	719
	Total	753	761	778	784	916	1048

3. Líon na Mac Léinn Iarchéime Lánaimseartha

		2009/10	2010/11	2011/12	2012/13	2013/14	2014/15
	Male	61	61	53	48	51	36
	Female	118	131	144	141	121	116
	Total	179	192	197	189	172	152

4. Líon na Mac Léinn san Oideachas Leantach:

		2009/10	2010/11	2011/12	2012/13	2013/14	2014/15
	Total	968*	903*	689**	573**	436**	347**

*Cúrsaí Samhraidh, Fómhair agus Cásca san áireamh.

** Cúrsaí Neamhchreidmheasa Gearra

5. Líon na Mac Léinn Lánaimseartha:

		2009/10	2010/11	2011/12	2012/13	2013/14	2014/15
	Undergraduate	752	752	771	768	909	1048
	Postgraduate	167	177	170	146	135	125
	Total	919	929	941	914	1044	1173

6. Líon na Mac Léinn Fochéime Páirtaimseartha

		2009/10	2010/11	2011/12	2012/13	2013/14	2014/15
	Undergraduate	1	9	7	16	7	0
	Postgraduate	12	15	27	43	37	27
	Total	13	24	34	59	44	27

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014/2015

Cuntais

Is cuid den tuarascáil seo na cuntais iniúchta don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015.

COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS
DEARTHA

NATIONAL COLLEGE OF ART AND
DESIGN

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30
MEÁN FÓMHAIR 2015

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015**

Eolas faoin gColáiste

Seoladh:	An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha 100 Sráid Thomáis Baile Átha Cliath 8
Iniúcháirí	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1
Baincéirí	Banc na hÉireann 85 Sráid San Séamas Baile Átha Cliath 8
Aturnaetha	Aturnaetha St John 14, City Gate Sráid an Droichid Íochtarach Baile Átha Cliath 8

INNÉACS

	Leathanach
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	4
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	5 - 6
Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais	7 - 9
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	10 - 11
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	12
Ráiteas Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán	13
An Clár Comhardaithe	14
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	15
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	16 - 25

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAI AN BHOIRD

Ceanglaítear ar an mBord Faoi Alt 15(1) den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha ráitis airgeadais a ullmhú sa bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór don Bhord:

- Beartais chuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach.
- Cloí leis na caighdeáin chuntasáíochta atá infheidhme, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtáítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasáíochta chuí a choinneáil a thugann léargas réasúnta cruinn ag tráth ar bith ar staid airgeadais an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag comhlíonadh ceanglais reachtúla. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Niamh Brennan
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: ___ / ___ / 2017

Alex Milton
Ball Gníomhach an Bhoird

Dáta: ___ / ___ / 2017

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015**

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015**

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an Bord an fheagracht atá air as a chinntiú go bhfuil córas leordhóthanach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á fheidmiú sa Choláiste.

Ó tharla nach mór do rialaithe a bheith in-chomhthomhaiste leis an leibhéal riosca, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil: sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil.

Ceapadh an Bord i mí an Mheithimh 2015. Fuair an Bord amach go raibh easnaimh shuntasacha ag baint le córas um rialú inmheánach airgeadais NCAD agus go nglacadh sé roinnt ama sin a chur ina cheart. Bhain na heasnaimh seo leis an tréimhse chuntasaíochta atá sna ráitis airgeadais seo. Mar go mbaineann an tréimhse chuntasaíochta sna ráitis airgeadais le tréimhse sular ceapadh fhorhóir an Bhoird ní féidir leis an mBord feagracht a ghlacadh maidir le neamhleordhóthanacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais a bhí i bhfeidhm sa tréimhse sin.

Tá an Bord agus an bhainistíocht shinsearach dírithe ar dul i ngleic leis na laigí rialaithe seo. Tháinig an Bord agus an Coiste Iniúchta & Riosca le chéile 29 n-uair agus 18 n-uair faoi seach ó bunaíodh iad i mí Meithimh '15. Tá plean gníomhaíochta rialachais curtha i bhfeidhm. Bunaithe ar an gcéad mheasúnú a rinne an Bord ar na heasnaimh a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach laistigh den Choláiste socraíodh saineolas teicniúil seachtrach ar rialachas, airgeadas agus AD a lorg. An cuspóir ná iarraidh ar na hacmhainní seo creat rialachais, airgeadais, rialaithe inmheánaigh agus AD a leagan amach agus a chur i bhfeidhm chomh maith le beartais agus nósanna imeachta a thacódh leis an gcreat sin. Cé go bhfuil an próiseas seo ar bun, próiseas atá beagnach tugtha chun críche, ghlac cuid 1 (forbairt an chreata agus na mbeartais) i bhfad níos faide ná mar a bhí súil leis de bharr easpa acmhainní agus inniúlachtaí an choláiste chun cuidiú leis an bpróiseas agus é a bhrú chun cinn. Thug sin chun cinn fadhb eile a bhain le Cuid 2 - na beartais nua seo agus modh oibre a chur i bhfeidhm agus a leabú. Bunaithe ar an acmhainn agus na hinniúlachtaí atá ar fáil is dúshlán a bheidh ann creat rialachais a chur i bhfeidhm agus is de réir a chéile a fhéadfar sin a dhéanamh. Beidh Bord diongbháilte áfach ag tacú leis sin a dhéanamh.

Buneolas

Ar chúiseanna a mhínítear in áit eile, tá moill ar na ráitis airgeadais a chur i láthair. Tá athrú mór ar chúrsaí foirne laistigh den fheidhm airgeadais. Leasaíodh cairt na gcuntas in am d'ullmhúchán Ráitis Airgeadais 2014/15 a chiallaigh go bhféadfaí brath níos mó ar an eolas a bhí sa phacáiste cuntas. I dtús 2015, bhí an Fhoireann Feidhmiúcháin agus Cathaoirleach reatha NCAD os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí (PAC) mar thoradh ar lochtanna bunúsacha a tugadh faoi deara sa rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch 2012. Mar thoradh air sin agus an t-am ar tharla sé cuireadh roinnt athruithe i bhfeidhm d'fhonn na lochtanna sin a chur ina gceart ach níor cuireadh i bhfeidhm ar fad iad. Tá an obair seo fós ar bun.

Cleachtais i ndáil le Ráitis Airgeadais 2014/15 a ullmhú

Forléargas

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste cáiliú ar ráitis airgeadais 2010/11, 2011/12 2013/13 agus 2013/14 an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha ar chúiseanna lena n-áirítear nár coinníodh leabhair cheart chuntais.

Faoi 2014/15, áfach, rinne NCAD cairt na gcuntas a thabhairt chun dáta agus tugadh isteach beartais agus nósanna imeachta airgeadais nua a raibh sé mar thoradh orthu gur bunaíodh cuntais 2014/15 ar eolas laistigh de chomhardú trialach a tháinig chun cinn ó phacáiste na gcuntas. Tá feabhas le cur ar an bpróiseas fós ach tá na ceartúcháin a rinneadh ar na córais rialaithe inmheánaigh ag tosú ag dul i bhfeidhm.

Nochtadh Sonrach maidir le Rialuithe Inmheánach agus Taifid Chuntasaíochta

Tuigeann NCAD gur aithníodh laigeachtaí rialaithe i mí Lúnasa 2014 le linn phróiseas iniúchta 2011/12 agus gur measadh gur cúis imní ar leith na réimsí seo a leanas: Sócmhainní Seasta; Coiste Iniúchta; Ceannach agus Soláthar; Nósanna Imeachta a bhfuil bunús leo; Clár Riosca; cleachtais áirithe coinneála leabhar; rialuithe AD agus párolla; agus taifead a choinneáil ar tháillí mac léinn. Ní fhéadfaí dul i ngleic leo seo ar fad go leordhóthanach chun feabhsuithe a dhéanamh i mbliain chuntasaíochta 2014/15. Tá nochtadh sonrach i ndáil le 2014/15 liostaithe thíos.

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS - AR LEAN

Nochtadh i ndáil le laigeachtaí leanúnacha sa chóras cuntasáochta mar a aithnítear i dTuarascáil Speisialta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Uimhir 85 ar NCAD, Lúnasa 2014 agus i dtuarascálacha iniúchta seachtracha agus inmheánacha ina dhiaidh sin.

Sócmhainní Seasta

Ní raibh aon bheartas scríofa ann maidir le sócmhainní seasta roimh 2014 agus dá bhrí sin bhí neamhréireachtaí móra sa chuntasáocht a bhain le sócmhainní seasta.

Le linn ráiteas airgeadais 2012/13 a ullmhú ullmhaíodh clár sócmhainní seasta i ndáil le sócmhainní airnéise an Choláiste, a cheanglaíonn siar ar ais go hiomlán leis na Ráitis Airgeadais. Tá laigeachtaí fós ag baint leis sin ó tharla nach bhfuil na sócmhainní tagáilte agus nach bhfuil an áit a bhfuil siad lonnaithe taifeadta ar an gclár. Tá dul chun cinn déanta chun na laigeachtaí sin a chur ina gceart agus rachfar i ngleic go hiomlán leo faoin 30 Meitheamh 2018.

Níl clár sócmhainní seasta talún agus foirgneamh an Choláiste iomlán. Rinneadh athluacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh amach i ndeireadh 2016 agus tacóidh an athluacháil sin leis an gclár agus ina dhiaidh sin leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 2015/16.

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2009)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil an Coláiste ag comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2009 nó 2016 mar is infheidhme). Níl an Coláiste dá chomhlíonadh seo ina iomláine, áfach. Thug an Coláiste faoi mheasúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht mar a bhaineann leis an gCód ina iomláine. Tá an Coláiste ag dul i ngleic le réimsí neamhchomhlíonadh ar bhonn rátála riosca.

An Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca agus Iniúchadh Inmheánach

Tháinig an Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca le chéile trí huair le linn na tréimhse airgeadais seo. Bhíothas cruinniú amháin gann ón sprioc na gcruinnithe den Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca mar gur tháinig deireadh leis an seanBhord i mí Feabhra 2015 agus níor ceapadh an Bord nua go dtí mí Meithimh 2015.

Sa bhliain 2014/15, níor eisíodh aon tuarascálacha ar iniúcháireacht inmheánach don bhliain 2015, mar go raibh an Coláiste ag díriú ar ghníomhaíocht cheartaitheach agus feabhsúcháin a bhí ar bun lena chinntiú go raibh dul chun á dhéanamh ag an gColáiste laistigh den rialachas agus den rialú inmheánach.

I ndiaidh tairiscint phoiblí, i mí Eanáir 2015 ceapadh RSM McClure Watters (RSM) mar iniúcháirí inmheánacha an Choláiste go ceann téarma 3 bliana. Tá siad ag obair go dlúth le Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird lena chinntiú go bhfuil clár oibre iniúchta inmheánaigh agus éifeachtach á chur i bhfeidhm laistigh den Choláiste. Thug an RSM faoi athbhreithniú ar Chóras um Rialuithe Inmheánaigh Airgeadais an Choláiste ag deireadh na bliana 2013/14 inar díriodh ar Bhainistíocht Airgid Thirim agus Banc ag an gColáiste, ar Rialuithe Párolla agus ar éilimh Taistil agus Chothabhála. Ba é toradh an athbhreithnithe sin : - "is é ár dtuairim go bhfuil Déimhniú Teoranta ann gur féidir brath ar na córais laistigh de NCAD chun tacú le cuspóirí foriomlána a bhaint amach." Níor tugadh torthaí an iniúchta chun críche go dtí mí Meithimh 2015. Léirigh na torthaí nach mbeadh mórán dul chun cinn déanta ag an gColáiste fiú dá ndéanfaí athbhreithniú eile ar rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch 2014/15

Soláthar

Tuigeann an bhainistíocht nár cloíodh go comhleanúnach le Treoirínte Soláthair le linn Bhliain Airgeadais 2014/15. Bhí 14 soláthraí ann nach bhfuarthas de réir threoirínte an rialtais agus an AE mar gheall ar cheisteanna rialaithe. Íocadh €773k san iomlán leis na soláthraithe seo. Tá obair bhreise fhorbarthach ag dul ar aghaidh laistigh den Choláiste chun comhlíonadh níos fearr leis an dlí a chinntiú bliain in aghaidh bliana.

Easpa Nósanna Imeachta Foirmeálta

Aithníonn an Bhainistíocht nach raibh aon nósanna imeachta scríofa ann roimh 2014 i ndáil le nochtadh faoi rún, coimhlint leasa, idirbhearta le tríú páirtí gaolmhara, soláthar, calaois, cártaí creidmheasa, taisteal agus cothabháil, teicneolaíocht na faisnéise, baincúireacht nó iontrálaithe i leabhair chuntais a phróiseáil.

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

Rinneadh beartais scríofa a dhréachtú do gach réimse díobh sin in 2015 agus 2016 agus táthar i mbun iad a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm.

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS - AR LEAN

Easpa Clár Riosca

Aithníonn an Bhainistíocht nach raibh aon Chlár Riosca i bhfeidhm in NCAD le linn na bliana airgeadais 2014/15. Tá a phlean straitéiseach tugtha chun críche ag an gColáiste le déanaí agus cuirfear an clár riosca le chéile i gcomhthéacs na cáipéise sin.

Saincheisteanna a bhaineann leis na Cleachtais Chuntasaíochta agus Leabharchoimeád chomh maith leis na Córais Bainistíochta Faisnéise

(a) Úsáid fho-optamach as na Córais Bainistíochta Faisnéise

Bhí laigeachtaí suntasacha rialaithe i gceist le feidhm thuairiscíochta an chórais párolla.

(b) Laigeachtaí i ndáil le loncam agus Caiteachas Taighde a chuntasú

In 2014 rinneadh ioncam agus caiteachas taighde a chódú faoi na cóid ioncaim agus caiteachais chéanna le gach ioncam agus caiteachas eile. Dá bhrí sin bhí sé deacair na Ráitis Airgeadais a ullmhú le go dtabharfadh siad léargas cruinn ar idirbhearta a bhain le taighde ó tharla gurbh éigean an caiteachas taighde a bhaint amach as caiteachas oibríochta laistigh den Choláiste. Tugadh faoi chleachtadh chun an t-ioncam agus caiteachas taighde a bhain le tionscadail shonracha a bhaint amach nuair a bhíodas ag ullmhú ráitis airgeadais 2013/14. Sa bhliain 2015 tugadh cód faoi leith do gach tionscadal Taighde ionas go bhféadfaí loncam agus Caiteachas a chlárú dá réir. Tá figiúirí comparáideacha stairiúla lag agus léirítear luaineacht shuntasach, áfach, de bharr na modhanna ullmhúcháin a úsáideadh i Ráitis Airgeadais 2013/14.

(c) loncam ó tháillí mac léinn a aithint

Mar chuid den obair chuimsitheach ar tugadh faoi chun ráitis airgeadais iontaofa a chur ar fáil aithníodh laigeachtaí i ndáil le táillí mac léinn. Is é beartas cuntasaíochta an Choláiste táillí mac léinn sa bhliain acadúil lena mbaineann siad a aithint. Chuige sin ní mór féichiúnaí táillí mac léinn a aithint ag deireadh na bliana d'fhonn méideanna gan íoc ó mhic léinn a aithint.

Tugadh faoi shúil siar a bhain le 2014 chun dul i ngleic le hiarmhéideanna suntasacha stairiúla a tugadh ar aghaidh sa chóras táillí mac léinn. Ligeann sin an staid deiridh bliana a chinneadh agus a thuairisciú ó 2014 ar aghaidh.

(e) Laigeachtaí maidir le Párolla / AD

Ní raibh aon bheartais ná nósanna imeachta a raibh bunús maith leo ann maidir le párolla agus caiteachas.

Athbhreithniú Bliantúil ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais

Tugadh faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais i mí Márta 2015 don bhliain dar críoch 2013/14. Tá na teipeanna a dtángthas orthu le linn an athbhreithnithe seo ag teacht leis na laigeachtaí a thugtar chun solais thuas. Ní dhearnadh aon athbhreithniú foirmiúil ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais don bhliain airgeadais 2014/15 mar gur cinneadh nach ndéanadh an t-achar ama a leagadh amach chun laigeachtaí an chórais a chur ina gceart aon difríocht agus gurbh fhearr feidhm a bhaint as acmhainní teoranta an Choláiste chun díriú ar na heasnaimh a chur ina gceart ná dul i mbun athbhreithnithe agus fios agann cheana ar na saincheisteanna.

Arna síniú thar ceann an Bhoird:

Alex Milton
Stiúrthóir Gníomhach

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais:-

(a) An Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus de réir Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar leo go Ginearálta. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais atá molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar is infheidhme dóibh.

(b) Sócmhainní Seasta agus Dímhneas

Luaitear Sócmhainní Seasta ag costas lúide dímhneas carntha. Déantar dímhneas a ríomh ar bhonn na líne dírí d'fhonn costas na Sócmhainní Seasta a dhíscríobh thar a saolré úsáide measta. Déantar an Cuntas Caipitil a amúchadh ag teacht le dímhneas.

Déantar Sócmhainní a dhímhneas ar bhonn na líne dírí ag úsáid na rátaí seo a leanas:

Catagóir Sócmhainne	Ráta Dímhneas	
Talamh	0%	(glactar leis go mbeidh talamh ann go brách)
Foirgnimh	2%	(ré 50 bliain)
Feabhsúcháin Léasachta	25%	(ré 4 bliana)
Fearas agus Trealamh	10%	(ré 10 mbliana)
Troscán, Daingneáin agus Feistis	20%	(ré 5 bhliana)
Trealamh Ríomhaireachta	33.33%	(ré 3 bliana)

(c) Ioncam a Aithint

Deontais Stáit

Déanann an HEA Deontais Stáit a leithroinnt ar bhonn féilire i ndáil le caiteachas athfhillteach. Is ionann an deontas a thuairiscítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an tsuim a chinntear a bheith oiriúnach don bhliain acadúil ábhartha, bunaithe ar roinnt 75% / 25 de dheonta bliana féilire.

Ioncam ó Tháillí Acadúla

Aithnítear Ioncam ó Tháillí Acadúla (lena n-áirítear ó Oideachas Leanúnach sa Choláiste Ealaíne is Deartha) sa bhliain acadúil lena mbaineann sé.

Deontais Taighde & Conarthaí Eile

Meitiseáiltear Ioncaim ó Dheontais Taighde agus Conarthaí Eile le caiteachas agus áirítear é in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas bainteach.

Ioncam ó Ús

Déantar gach ioncaim ó thaiscí gearrthéarmacha a chur chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse ar saothraíodh é.

(d) Cuntas Caipitil

Is ionann an Cuntas Caipitil agus luach neamhamúchta an Ioncaim Chaipitil agus Reatha a úsáidtear chun críocha Caipitil.

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

(e) Sócmhainní ar Léas

Déantar cíos faoi léasanna oibríochta a ghearradh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse ar tabhaíodh an caiteachas.

(f) Scéimeanna Pinsin

Tá scéim pinsin sochair shainithe i bhfeidhm sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil ina leith lena n-áirítear airgead a chuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas ar fáil agus ó ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear as tuarastal na foirne.

Léiríú iad na costais phinsin ar na sochair phinsin a shaothraíonn fostaithe sa tréimhse atá i gceist agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí foirne a choinníonn an Coláiste. Aithnítear suim a thagann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála agus go ndéantar é a fhritháireamh le deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Léirítear gnóthachain nó cailleanais achtúireacha ar dhliteanas scéime sa Ráiteas Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Údarás um Ard-Oideachas.

Léiríonn Dliteanais Pinsean luach reatha íocaíochtaí amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsean an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh inaisghabhála i dtréimhsí amach anseo ón Údarás um Ard-Oideachas.

Tá Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) i bhfeidhm freisin sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha ar scéim pinsin sochair shainithe atá i gceist do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair anonn chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(g) Cánachas

Tá NCAD díolmhaithe ó Cháin Chorparáideach faoin Ordú um Stádas Carthanachta. Uimhir Chlárúcháin Carthanachta NCAD: FRS 07503

(h) Erasmus

Áirítear cistí Erasmus san ioncam don bhliain ina dtabhaítear an caiteachas bainteach.

(i) Sócmhainní Oidhreachta

Ní chuir NCAD FRS30 (Sócmhainní Oidhreachta) i bhfeidhm i Ráitis Airgeadais 2014/15. Tá NCAD i mbun athbhreithnithe ar cheanglais FRS30 le súil is go mbeifear á chomhlíonadh amach anseo.

(j) NIVAL

Tá bailiúchán (ar a dtugtar *National Irish Visual Arts Library*) i seilbh an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha de leabhair, lámhscríbhinní agus saothair ealaíne a fuarthas trí dheonúcháin agus tabhartais den chuid is mó. Níor caitheadh leis na nithe seo fós sna ráitis airgeadais mar shócmhainní seasta mar go measann an Coláiste dá ndéanfaí sócmhainní den chineál sin a áireamh sna ráitis airgeadais nach mbeadh an t-eolas airgeadais a thabharfaí ábhartha agus iontaofa.

(k) Stoic

Déantar caiteachas ar leabhair agus ar stoic intomhalta a chur i leith an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear sin.

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

	Nótaí	2015 €000	2014 €000
Ioncam			
Deontais Stáit	1	6,551	6,399
Táillí Acadúla	2	7,802	6,729
Ioncam Eile	3	227	196
Deontais Taighde agus Conarthaí Eile	10	368	806
Ús Bainc		1	7
Amúchadh ar Chistí Caipitil	15	718	665
Glan-mhaoiniú larchurtha do Phinsean	16c	2,081	2,610
Ioncam Iomlán		17,748	17,412
Caiteachas			
Ranna Acadúla	4	6,786	7,418
Seirbhísí Acadúla agus Lárnacha eile	5	593	749
Áitribh	6	2,035	2,142
Riarachán Láir	7	2,556	2,052
Caiteachas Ginearálta Oideachais	8	32	32
Áiseanna agus fóntais mac léinn	9	424	341
Deontais Taighde agus Conarthaí Eile	10	324	584
Dímheas	12	718	665
Pinsin	16a	4,057	4,188
Caiteachas Iomlán		17,525	18,170
Barrachas / (Easnamh)		223	(758)
Iarmhéid ag tús na bliana		(1,418)	(660)
Iarmhéid ag Deireadh na Bliana		(1,195)	(1,418)

Níl aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta eile ann seachas na cinn sin a bpléitear leo sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais agus sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chailteanais Aitheanta Iomlána.

Is cuid de na Ráitís Airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasafóchta agus na Nótaí 1-24.

 Niamh Brennan
 Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: ___ / ___ / 2017

 Alex Milton
 Ball Gníomhach an Bhoird

Dáta: ___ / ___ / 2017

RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS AR CHAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA

	Nótaí	2015 €000	2014 €000
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		223	(758)
Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach ar Dhliteanas Pinsean	(16b)	4,226	(6,603)
Coigeartú chuig Maoiniú Pinsean larchurtha	16d	(4,226)	6,603
Gnóthachan / (Cailteanas) Aitheanta Iomlán i leith na bliana		223	(758)

Níl aon ghnóthachain ná cailteanas aitheanta eile ann seachas na cinn sin a bpléitear leo sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais agus sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chailteanas Aitheanta Iomlána.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasafíochta agus na Nótaí 1-24.

 Niamh Brennan
 Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: ___ / ___ / 2017

 Alex Milton
 Ball Gníomhach an Bhoird

Dáta: ___ / ___ / 2017

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

CLÁR COMHARDAITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 Meán Fómhair 2015

	Nótaí	2015 €000	2014 €000
SÓCMHAINNÍ SEASTA	12	13,101	13,499
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	13	1,341	540
Iarmhéideanna Bainc agus Airgead Tirim		2,054	2,582
		<u>3,395</u>	<u>3,122</u>
DLITEANAIS REATHA			
Deontais Stáit a Fuarthas Roimh Ré		1,027	1,343
Creidiúnaithe agus Caiteachas Fabhráithe	14	3,563	3,197
		<u>4,590</u>	<u>4,540</u>
GLANSÓCMHAINNÍ / (DLITEANAIS) REATHA		<u>(1,195)</u>	<u>(1,418)</u>
IOMLÁN SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA		<u>11,906</u>	<u>12,081</u>
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	16d	72,757	74,902
Dlíteanais Pinsin	(16b)	(72,757)	(74,902)
Glan-Sócmhainní		<u>11,906</u>	<u>12,081</u>
Arna mhaoiniú ag:			
Cuntas Caipitil	15	13,101	13,499
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		(1,195)	(1,418)
		<u>11,906</u>	<u>12,081</u>

Is cuid de na Ráitís Airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1-24.

 Niamh Brennan
 Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: ___ / ___ / 2017

 Alex Milton
 Ball Gníomhach an Bhoird

Dáta: ___ / ___ / 2017

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015**

RÁITEAS FAOI SHREABHAIDH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 Meán Fómhair 2015

Réiteach Ghlan-Ghluaiseacht don Bhliain Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	Nótaí	2015 €000	2014 €000
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		223	(758)
Ús Bainc		(1)	(7)
Laghdú/(Méadú) i bhFéichiúnaithe		(801)	491
Méadú / (Laghdú) ar Dhliteanais Reatha		50	529
Glan-Insreabhadh (Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhachtaí Oibríochta		(529)	255
Aischiú ar Infheistíocht agus Seirbhísí Airgeadais			
Ús Faighte		1	7
Glan-Insreabhadh Airgid ar Infheistíocht agus Seirbhísí Airgeadais		1	7
Caiteachas Caipitil agus Infheistíochtaí Airgeadais			
Sócmhainní Seasta a Ceannaíodh	12,15	(320)	(89)
Glan Eis-Sreabhadh Airgid ar Chaiteachas Caipitil agus Infheistíochtaí Airgeadais		(320)	(89)
Glan-Eis-Sreabhadh Airgid roimh Acmhainní Leachtacha a Bhainistiú		(848)	173
Maoiniú		320	89
Ardú/ (Laghdú) ar Airgead Tirim		(528)	262
Réiteach ar an nGlan-sreabhadh Airgid chuig Gluaiseacht i nGlanchistí			
Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim sa Bhliain		(528)	262
Glanchistí amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014	19	2,582	2,320
Glanchistí amhail an 30 Meán Fómhair 2015		2,054	2,582

Is cuid de na Ráitís Airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1-24.

Niamh Brennan
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: ___ / ___ / 2017

Alex Milton
Ball Gníomhach an Bhoird

Dáta: ___ / ___ / 2017

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 Meán Fómhair 2015

1. DEONTAIS STÁIT	2015 Leithroinnt do Chaiteachas Athfhillteach €000	2015 Leithroinnt do Chaiteachas Caipitil €000	2015 Leithroinnt lomlán do Chaiteachas €000	2014 Leithroinnt lomlán do Chaiteachas €000
An tÚdarás Ardoideachais				
Deontais Athfhillteacha	5867	320	6187	5,922
Teicneolaíocht an Eolais	40		40	50
Deontais Míchumais & Cúnaimh Airgeadais	92		92	69
Tiontú Scileanna	41		41	57
Rochtain Níos Fear agus Dul Chun Cinn Gaeilge	166		166	144
	3		3	3
Deontais Stáit Eile				
An Chomhairle Ealaíon	57		57	65
Stór Digiteach Éireann	3		3	21
Cúnamh do Mhic Léinn	35		35	33
Litearthacht agus Uimhearthacht	23		23	-
Eolaíocht gan Teorainneacha	50		50	-
Deontais eile	174		174	124
lomlán 2015	6,551	320	6,871	6,488
lomlán 2014	6,399	89	6,488	

2. TÁILLÍ ACADÚLA	2015 €000	2014 €000
Táillí Teagaisc Lánaimseartha- 1,163 mac léinn (2014: 1040 mac léinn)	4,705	4,278
Ranníoc Mac Léinn (Táille Clárúcháin FT roimhe seo) – 965 mac léinn (2014: 834 mac léinn)	2,652	2,084
Táillí Páirtaimseartha - 42 mac léinn (2014: 38 mac léinn)	94	85
Táillí d'Oideachas Leantach san Ealaín & Dearadh - 617 mac léinn (2014: 825 mac léinn)	351	282
	7,802	6,729

3. IONCAM EILE	2015 €000	2014 €000
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	2	14
Urraíocht	-	22
Ioncam ó Imeachtaí	10	60
Muirir Mac Léinn	20	17
Ioncam Eile*	92	77
Aisíocaíocht costais d'fhoireann ar iasacht	25	-
Costais pinsin aisíoctha ó 3ú páirtithe	61	-
Ioncam ó Fhótachóipeáil	17	6
	227	196

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015**

*Ioncam a fhaightear ach nach bhfuil leordhóthanach lena áireamh mar mhír ar líne dó féin. Ta dhá chineál breise ioncaim ann mar gheall ar aicmiúcháin níos fearr i dtaifid airgeadais 2015. Roimhe seo dhéantaí iad a thaifead in ioncam eile. Níl fáil ar réamh-bhlianta comparáideacha.

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 Meán Fómhair 2015 – AR LEAN

4. RANNA ACADÚLA	2015	2014
	€000	€000
An Fhoireann Acadúil	5,082	5,496
An Fhoireann Theicniúil agus Mainicíní	1,103	1,023
Foireann Riaracháin Dáimhe	412	358
Costais Neamh-phá	189	541
	<u>6,786</u>	<u>7,418</u>

5. SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS LÁRNACHA EILE	2015	2014
	€000	€000
Foireann na Leabharlainne	484	477
Leabhair, Catalóga agus Tréimhseacháin	63	244
Muirir Léasála	46	28
	<u>593</u>	<u>749</u>

6. ÁITRIBH	2015	2014
	€000	€000
Freastalaithe agus Lucht Glanta	606	496
An Fhoireann Cothabhála	115	149
Solas, Teas agus Cumhacht	324	302
Ábhair Chotheabhála	201	467
Costais Glantacháin	262	302
Costais Slándála	149	155
Cíos agus Rátaí	320	220
Teileafón	58	50
	<u>2,035</u>	<u>2,142</u>

7. RIARACHÁN LÁIR	2015	2014
	€000	€000
An Fhoireann Riaracháin	1,445	1,079
An Fhoireann Dearbhaithe Cáilíochta	25	43
Stáiseanóireacht agus Soláthairtí	51	85
Caiteachas TE	254	38
Postas	24	30
Táillí Gairmiúla	155	187
Ballraíochtaí agus Síntiúis	41	-
Luach Saothair an Iniúcháin	91	58
Taisteal agus Cothabháil	68	30
Fógraíocht	83	22
Árachas	103	95
Costais Fhótachóipeála	3	30
Costais Shábháilteachta	46	38
Gailearaí	52	35
Taispeántais, Seimineáir agus Lónadóireacht	74	95
Caiteachas Siamsaíochta	12	29
Díscríobh ar Dhrochfhiacha	4	65
Míreanna Ilghnéitheacha	25	93
	<u>2,556</u>	<u>2,052</u>

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015**

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 Meán Fómhair 2015 – AR LEAN

8. CAITEACHAS GINEARÁLTA OIDEACHAIS	2015 €000	2014 €000
Táillí agus Costais Scrúdaitheoirí	9	9
Forbairt Foirne	23	23
	<u>32</u>	<u>32</u>
9. ÁISEANNA AGUS FÓNTAIS MAC LÉINN	2015 €000	2014 €000
Táillí Scrúduithe agus Clárúcháin	57	32
Fóirdheontas Aontas na Mac Léinn	59	54
Scéim Cúnamh do Mhic Léinn	200	51
Seirbhísí Comhairleoireachta agus Sláinte	69	157
Áiseanna Spóirt agus Fóillíochta	39	47
	<u>424</u>	<u>341</u>
10. DEONTAIS TAIGHDE AGUS CONARTHAÍ EILE	2015 €000	2014 €000
Ioncam		
Deontais Taighde agus Conarthaí Eile	368	806
Caiteachas		
Costais Foirne	(185)	(175)
Costais Oibríochta Eile*	(139)	(409)
	<u>(324)</u>	<u>(584)</u>
Glan-Toradh	<u>44</u>	<u>222</u>

*Le linn phróiseas ullmhúcháin ráiteas airgeadais na bliana roimhe, tugadh ar aird go raibh Ioncam agus Caiteachas Taighde códaithe faoi na cóid ioncaim agus caiteachais chéanna le gach Ioncam agus Caiteachas eile. B'éigean caiteachas taighde a bhaint as caiteachas oibríochta laistigh den Choláiste. Mar gheall ar na fadhbanna a bhain le leabhair agus taifid an Choláiste sa tréimhse sin, d'fhéadfadh go bhfuil gné de chaiteachas taighde áirithe i míreanna líne caiteachais oibríochta eile. Sa ghnáthchúrsa, is é an leibhéal caiteachais a thabhaítear a thiomáineann aitheantas ioncaim sa réimse Deontais Taighde agus Conarthaí eile. An toradh atá air sin go mb'fhéidir nár aithníodh Ioncam de réir an bhoinn fabhrúithe agus gur dóigh go bhfuil an caiteachas iomlán a thugtar thuas ró-íseal agus dá bhrí sin an glantoradh ar Dheontais Taighde agus Conarthaí Eile ró-ard. An tionchar atá aige sin ná go bhfuil neamhchinnteacht freisin maidir leis na méideanna ioncaim a iarchuireadh go 2014/2015 agus freisin na méideanna a fabhraíodh sa tréimhse chéanna.

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
 NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
 RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 Meán Fómhair 2015 – AR LEAN

11. ANAILÍS AR CHAITEACHAS

	Costais	Speansais	Iomlán	
	Foirne	Oibríochta	Ghinearálta	
	2015	2015	2015	2014
	€000	€000	€000	€000
Ranna Acadúla	6,597	189	6,786	7,418
Seirbhísí Acadúla agus Lárnacha eile	484	109	593	749
Áitribh	721	1,314	2,035	2,141
Riarachán Láir	1,470	1,086	2,556	2,052
Caiteachas Ginearálta Oideachais	-	32	32	32
Áiseanna agus fónais mac léinn	-	424	424	341
Caiteachas Taighde	185	139	324	584
	9,457	3,294	12,750	13,317
Dímheas			718	665
Pinsin			4,057	4,188
			17,525	18,170

12. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Talamh &	Guinness	Fearas &	Daingneáin &	Ríomhaire	Iomlán
	Foirgnimh	Feistiú	Trealamh	Feistis	Trealamh	€000
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costais						
Iarmhéid ag tús na bliana	29,751	-	144	175	693	30,763
Suimeanna Breise	-	159	51	43	67	320
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Iarmhéid ag deireadh na bliana	29,751	159	195	218	760	31,083
Dímheas						
Iarmhéid ag tús na bliana	16,358	-	109	154	643	17,264
Athrú don bhliain	595	40	13	14	56	718
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Iarmhéid ag deireadh na bliana	16,953	40	122	168	699	17,982
Glanluach Leabhair amhail an 30/09/2015	12,798	119	73	50	61	13,101
Glanluach Leabhair amhail an 30/09/2014	13,393	-	35	21	50	13,499

Sócmhainní Oidhreachta: Tá sócmhainní oidhreachta mar leabhair, péintéireachtaí agus saothair ealaíne á gcoinneáil agus á gcothabháil ag an gColáiste. Ní dhéantar sócmhainní seasta a fuarthas roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015 a chaipitliú sna ráitis airgeadais mar gur measadh nach bhféadfaí aon luach réasúnach a leagan orthu de bharr a laghad eolais atá ann faoina mbunchostas ceannaigh agus de bharr nach féidir luach reatha a chur na sócmhainní seo go réidh. Déantar gach costas a tabhaíodh maidir le caomhnú agus coimeád a íoc mar a thabhaítear iad. Níor caitheadh leis an mbailiúchán ar a dtugtar Leabharlann Náisiúnta na nAmharc-Ealaíon (NIVAL) mar shócmhainní seasta sna Ráitis Airgeadais ach oiread mar nach féidir aon luach tairbhiúil a leagan orthu de bharr a laghad eolais atá ann faoin mbunchostas ceannaigh agus de bharr nach féidir luach reatha a chur na sócmhainní seo go réidh.

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015**

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 Meán Fómhair 2015 – AR LEAN

13. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ	2015 €000	2014 €000
Féichiúnaí Párolla	-	8
Féichiúnaí Mic Léinn	80	-
Ioncam Fabhráithe	989	191
Dearlaic Fabhráithe*	85	228
Réamhíocaíochtaí	187	113
	<u>1,341</u>	<u>540</u>

*Cuireadh in iúl don Choláiste le linn na bliana roimhe sin go raibh ábhar le tiomnú do Leabharlann Náisiúnta na nAmharc-Ealaíon (NIVAL) a raibh a luach ag brath ar shócmhainn laistigh d'eastát an té a bhí éagtha a dhíol. Níor tháinig luach an tiomnaithe (€228,131) chun cinn go dtí mí Lúnasa 2016.

14. CREIDIÚNAITHE AGUS CAITEACHAS FABHRAITHE	2015 €000	2014 €000
Táillí	1,545	1,622
Iarmhéid na nDeontas Taighde agus Conarthaí Eile	314	242
ÍMAT	92	103
ÁSPC*	113	115
Tobhach Pinsin	34	38
Creidiúnaithe Trádála	325	133
Oideachas Leanúnach in Ealaíon agus Dearadh	107	139
Dearlaic a Fuarthas Roimh Ré*	228	228
Creidiúnaithe Párolla	80	44
Creidiúnaithe Eile	55	41
Speansais Fhabhráithe	633	489
Creidiúnaithe Ioncaim Eile	37	3
	<u>3,563</u>	<u>3,197</u>

15. CUNTAS CAIPITIL	2015 €000	2014 €000
Iarmhéid amhail Thús na Bliana	13,499	14,075
Deontais arna n-úsáid chun Foirgnimh a Fháil agus a Fhorbairt	-	-
Deontais chun Sócmhainní Seasta a Cheannach	320	89
Sócmhainní Seasta a Dhiúscairt	-	-
	<u>13,819</u>	<u>14,164</u>
Lúide Amúchadh	(718)	(665)
	<u>13,101</u>	<u>13,499</u>

16. COSTAIS PHINSIN

Cur síos ginearálta ar an Scéim

Ceadaíodh Scéim Aoisliúntais Foirne agus Scéim Pinsin Leanaí agus Céile faoi Alt 20 den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha 1971 in Eanáir 1984 agus Meán Fómhair 1987 faoi seach. Is scéimeanna neamhghaoinithe iad scéimeanna pinsin an Choláiste. Déanann an fhoireann ranníocaíocht ag ráta 5% sa Scéim Aoisliúntais Foirne agus 1.5% sa Scéim Pinsin Leanaí agus Céile. Cuirtear pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse) ar fáil faoin scéime chomh maith le cnapshuim (trí ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéile agus leanaí. 65 bliain an ghnáthaois scoir agus tá comhaltaí a thosaigh roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan asbhaint achtúireach ó aois a 60 bliain. De ghnáth méadaíonn pinsin atá le íoc (agus iarchurtha) de réir bhoilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015 – AR LEAN

Is í Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) an scéim pinsin sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012. Forálann an tAcht do phinsean agus do chnapshuim ar dul ar scor bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin le linn do ghairme chomh maith le pinsin céile agus leanaí. 66 bliain an t-íos-aois pinsin (ag ardú de réir athruithe ar aois pinsin an Stáit). Áirítear ann deis luathscoir ó aois 55 de réir laghdú achtúireach. Tagann ardú ar phinsin atá á n-íoc de réir an phraghasinnéacs tomhaltóirí.

Tá an luacháil a úsáidtear do nochtadh FRS 17 (athbhreithnithe) bunaithe ar luacháil achtúireach amhail an 30 Meán Fómhair 2015 arna dhéanamh ag achtúire cáilithe agus inar glacadh san áireamh ceanglais an FRS d'fhonn dhliteanas na scéime a mheas amhail an 30 Meán Fómhair 2015.

Áirítear comhaltaí na scéime aonair sa dliteanas pinsean amhail an 30 Meán Fómhair 2015 ach níor glacadh san áireamh sna ríomhaireachtaí achtúireacha na teidlíochtaí éagsúla a bhaineann leis an scéim sin. Ní tionchar ábhartha an tionchar a imríodh ar an bhfigiúr sin sna ráitis airgeadais.

	2015	2014
	€000	€000
(A) Anailís ar Chostais Phinsin Iomlána Breactha chun dochair Caiteachas		
Costas Reatha Seirbhíse	2,648	2,289
Ús ar Dhliteanas Scéime	1,798	2,299
Ranníocaíochtaí Pinsin Fostaithe	(389)	(400)
	<u>4,057</u>	<u>4,188</u>
(b) Anailís ar Ghluaiseacht i nDlitéanas Scéime le linn na Bliana		
Dlitéanas Scéime ag Tús na Bliana	74,902	65,689
Costas Seirbhíse Reatha	2,648	2,289
Ús ar Dhliteanas Scéime	1,798	2,299
Sochair a hÍocadh sa Bhliain	(2,365)	(1,978)
(Gnóthachan)/Cailteanas achtúireach*	(4,226)	6,603
Dlitéanas Scéime ag Deireadh na Bliana	<u>72,757</u>	<u>74,902</u>

*Is mar thoradh ar ghluaiseachtaí sna rátaí díolúine a úsáideadh na dátaí éagsúla FRS 17 a tharla gluaiseacht mhór sna figiúirí Cailteanas/(Gnóthachan) achtúirigh a léirítear thuas.

(c) Maoiniú larchurtha do Phinsin

Aithníonn an Coláiste Ealaíne is Deartha na méideanna sin mar shócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin atá bunaithe ar bhonn tuisceana a ndéantar cuir síos air sa nóta seo chomh maith le roinnt imeachtaí san am a caitheadh. Áirítear ar an himeachtaí sin an bonn reachtúil do bhunú na scéime pinsin agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag NCAD nach leanfaidh an beartas maoinithe seo de shuimeanna den chineál sin a chomhlíonadh de réir mar atá faoi láthair.

Is mar seo a leanas a bhí an Glan-Mhaoiniú larchurtha do Phinsin a aithníodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2015	2014
	€000	€000
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais na bliana reatha	4,446	4,588
Deontais ón Udarás um Ard-Oideachas curtha i bhfeidhm chun sochair pinsean a íoc	(2,365)	(1,978)
Glan-Mhaoiniú larchurtha do Phinsin sa Bhliain	<u>2,081</u>	<u>2,610</u>

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

B'ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha i leith pinsean amhail an 30 Meán Fómhair 2015 is (€72,756,400) (2014: €74,901,700).

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 Meán Fómhair 2015 – AR LEAN

(d) Stair na nOibleagáidí Sochair larchurtha

	2015	2014	2013	2012	2011
	€000	€000	€000	€000	€000
Oibleagáidí Sochair larchurtha	72,757	74,902	65,689	69,496	50,800
(Gnóthachain)/Cailteanais ó thairbhí ar Mhéid Dlíteanas na Scéime	(4,226)	6,603	(6,451)	16,327	(10,317)
Céatadán de Dhlíteanais Scéime	-5.8%	8.8%	(9.8%)	23.5%	(20.3%)

(e) Mar seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana:

Bonn Tuisceana	2015	2014
Ráta Lascaine	2.4%	2.4%
Bonn tuisceana i leith ardú tuarastail	2.6%	2.8%
Bonn tuisceana i leith ardú pinsin	2.6%	2.8%
Boilsciú Praghsanna	1.6%	1.8%

Meán-ionchas saoil amach anseo de réir táblaí mortlaíochta (PNML00 agus PNFL00) a úsáideadh chun dlíteanais pinsean a chinneadh:

	2015	2014
Fir in aois 65	21.1	20.6
Mná in aois 65	23.6	23.2

17. TIOMANTAIS CHAIPITIL

Na Ceangaltais Chaipitil amhail an 30 Meán Fómhair 2015 ná €Nil (2014: €Nil).

18. TIOMANTAIS LÉASA

Tá áitribh ag an gColáiste ar léas oibriúcháin ar Shráid Eoin Thiar, Baile Átha Cliath 8. Tréimhse 10 mbliana atá sa léas ó Mhárta 2006. Cuireadh síneadh breise 9 mí leis an léas agus tháinig sé chun críche i mí na Nollag 2016. Is €134,112 an cíos sa bhliain agus tugtar faoi athbhreithniú cíos gach 5 bliana. Aithníonn an Coláiste go bhféadfadh dlíteanas a bheith i gceist maidir le trochlú ar an bhfoirgneamh ag brath ar theacht chun deiridh an léasa thuasluaite. Rinneadh fabhrú €196k i ráitis airgeadais 2013-2014, agus tá fabhrú eile €26k ar fáil in aghaidh na gcostas sin sa bhliain airgeadais.

Chuir an Coláiste tús le socrú léasa nua 4 bliana le Diageo le haghaidh áitribh ag 101-103 Sráid San Séamus agus Amharclann Rupert Guinness ar Shráid Wattling i mí Iúil 2015. €35k an cíos don chéad bhliain agus €50k do na trí bliana ina dhiaidh sin.

Tá léasanna oibriúcháin i gceist freisin i leith fótachóipeálaithe/scanóirí agus cábán inastrithe.

Ní raibh aon tiomantais léasa airgeadais i gceist amhail an 30 Meán Fómhair 2015.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 Meán Fómhair 2015 – AR LEAN

Ag deireadh na bliana bhí tiomantais ar NCAD i gcás léasanna oibríúcháin neamh-incheallaithe ag dul in éag mar seo a leanas:

	2015	2014
	€000	€000
Laistigh den 1 bhliain	232	154
Idir 1 Bhliain agus 5 Bliana	416	288
Tar éis 5 bliana	-	-

19. ANAILÍS AR ATHRUITHE I nGLANCHISTÍ LE LINN NA BLIANA

	Amhail an An 1 Deireadh Fómhair 2014	Sreabhadh Airgid	Amhail an An 30 Meán Fómhair 2015
	€000	€000	€000
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	1,557	396	1,953
Éarlaisí Gearrthéarmacha	1,025	(924)	101
	<u>2,582</u>	<u>(528)</u>	<u>2,054</u>

20. FOSTAITHE

Le linn 2015 bhí coibhéis lánaimseartha de 87 ball foirne fostaithe a íoctar go míosúil (2014: 82), coibhéis lánaimseartha de 15 ball foirne ar phá seachtainiúil (2014: 26), agus coibhéis lánaimseartha de 21.5 ball foirne páirtaimseartha (2014: 23).

21. PÁIRTITHE GAOLMHARA

Ní raibh aon leas ag aon bhall den Bhord in aon chonradh nó dámhachtain a bhronn an Coláiste le linn na bliana ná níor dhíorthaigh aon leas ná sochar as aon chonradh ná dámhachtain a bronnadh ná ní raibh aon choimhlint leasa i gceist maidir le haon chuid d'oibríochtaí an Choláiste le linn na bliana.

Ní raibh aon idirbheartaíochtaí ann le páirtithe gaolmhara sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015.

Níor íocadh aon táillí le haon chomhalta den Bhord le linn 2014/15.

Íocadh luach saothair €136,276 ar an iomlán le Stiúrthóir an Choláiste sa tréimhse atá i gceist.

Ba €286 an caiteachas iomlán ar speansais ag an mBord sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015. Baineann sé seo den chuid is mó le caiteachas ar thaisteal traenach i gcás duine de chomhaltaí an Bhoird a bhí lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Bunaíodh Friends of NCAD Ltd i 1992, mar fheithicil tiomsaithe airgid do NCAD. Tá beirt bhall foirne ó NCAD ar an Bhord FNCAD (Iar-Stiúrthóir NCAD agus Rúnaí agus Cláráitheoir an Choláiste). Déantar FNCAD a iniúchadh go neamhspleách ar NCAD agus déantar a ráitis airgeadais a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar Bhonn Bliantúil. Ní raibh aon ioncam ná caiteachas i ráitis airgeadais FNCAD don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015. Ba é an Bord reatha a chinn deireadh a chur le Friends of NCAD agus tháinig deireadh leis an bpróiseas go luath in 2016.

Cláraíodh eintiteas ar leithligh sna Stáit Aontaithe in 2000 ar a dtugtar US Friends of NCAD Inc. Bunaíodh an t-eintiteas seo chun cáin a bheadh iníoctha ar thabhartais ón SA a laghdú nó a dhíothú. Ní raibh aon ioncam ná caiteachas i gcuntais na SA Friends of NCAD don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015. Ba é an Bord reatha a chinn deireadh a chur le Friends of NCAD agus tháinig deireadh leis an bpróiseas go luath in 2016.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 Meán Fómhair 2015 – AR LEAN

22. GNÓTHAS LEANTACH

Tá líon farasbarr agus easnamh oibriúcháin tabhaithe ag an gColáiste idir 2011 agus 2016. Tá easnamh carnach á thabhairt ar aghaidh le roinnt blianta mar gheall air seo. Léiríonn na réamh-mheastacháin airgeadais reatha easnaimh sna trí bliana amach romhainn.

Na príomhfachtóirí is cúis le staid airgeadais an Choláiste is ea an laghdú ar Mhaoiniú Stáit do ghníomhaíochtaí athfhillteacha agus an maoiniú leanúnach a dhéanann an Coláiste ar Dhliteanas Pinsin na Foirme.

Tá an Coláiste i mbun plé leanúnach leis an Údarás um Ard-Oideachas maidir le staid airgeadais an Choláiste. Tá pleananna á bhforbairt ar bhonn práinne chun gur féidir leis an gColáiste cóimheá airgid a bhaint amach agus dul i ngleic le easnamh atá tabhaithe.

Ar an mbonn sin agus in éineacht le cúlchistí airgid atá á gcoinneáil ag an gColáiste, measann comhaltaí an Bhoird é a bheith oiriúnach na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn Gnóthas Leantach.

23. IMEACHTAÍ I nDIAIDH AN CLÁR A CHOMHARDÚ

Seachas na himeachtaí a nochtáítear sna ráitis airgeadais seo agus dá mbarr nach mór na ráitis airgeadais a choigeartú, níor tharla aon imeachtaí i ndiaidh an clár a chomhardú.

24. NA RÁITIS AIRGEADAIS A CHEADÚ

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015 ag cruinniú dá chuid an 29 Meán Fómhair, 2017.